Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0379(COD)**

**8737/19**
**ADD 1 REV 1**

**CODEC 992**
**ENER 247**
**ENV 438**
**CLIMA 124**
**COMPET 360**
**CONSOM 151**
**FISC 240**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas (athmhúnlú) **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir leis an sainmhíniú ar an idirnascaire**

Tugann an Coimisiún comhaontú na gcomhreachtóirí dá aire i ndáil leis an Treoir athmhúnlaithe maidir le Leictreachas agus i ndáil leis an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Leictreachas, comhaontú ina bhfilltear ar an sainmhíniú ar "idirnascaire" a úsáidtear i dTreoir 2009/72/CE agus i Rialachán (CE) 714/2009. Aontaíonn an Coimisiún nach ionann margaí an leictreachais agus margaí eile amhail margadh an gháis nádúrtha, e.g. maidir leis an dóigh a dtrádáiltear i margadh an leictreachais táirgí nach féidir a stóráil go héasca faoi láthair agus a tháirgtear i réimse leathan suiteálacha ginte, suiteálacha ar an leibhéal dáileacháin san áireamh. Dá bharr sin, tá éagsúlacht mhór ann i dtaobh ról na nasc le tríú tíortha in earnáil an leictreachais agus in earnáil an gháis, agus is féidir cineálacha éagsúla cur chuige rialála a roghnú dá réir.

Déanfaidh an Coimisiún scrúdú breise ar thionchar an chomhaontaithe sin agus tabharfaidh sé treoir maidir leis an reachtaíocht a chur i bhfeidhm nuair is gá.

Ar mhaithe le soiléire dhlíthiúil, is mian leis an gCoimisiún aird a tharraingt ar an méid seo a leanas:

Is do threalamh a nascann córais leictreachais a thagraíonn an sainmhíniú comhaontaithe ar an idirnascaire atá sa Treoir maidir le Leictreachas. Ní dhéantar idirdhealú san fhoclaíocht idir creata rialála éagsúla agus cásanna teicniúla éagsúla agus, dá réir sin, a priori, cumhdaítear sa sainmhíniú gach cineál naisc leictrigh le tríú tíortha a thagann faoi raon feidhme an chur i bhfeidhm. I dtaca leis an sainmhíniú comhaontaithe ar idirnascaire atá sa Rialachán maidir le Leictreachas, cuireann an Coimisiún i dtreis gur gá leibhéal ard comhair idir oibreoirí córais, rannpháirtithe margaidh agus rialtóirí chun margaí an leictreachais a chomhtháthú. Cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ann i dtaobh raon feidhme na rialacha is infheidhme, agus sin ag brath ar an leibhéal comhtháthaithe laistigh de mhargadh inmheánach an leictreachais, ba cheart dlúth-chomhtháthú na dtríú tíortha i margadh inmheánach an leictreachais, amhail rannpháirtíocht i dtionscadail cúplála margaidh, a bheith bunaithe ar chomhaontuithe ina bhfuil cur i bhfeidhm dhlí ábhartha an Aontais ina cheanglas.

**<u>Dearbhú ón gCoimisiún maidir le pleananna cur chun feidhme um athchóiriú an mhargaidh</u>**

Tugann an Coimisiún comhaontú na gcomhreachtóirí dá aire i ndáil le hAirteagal 20 (3) lena bhforáiltear go bhfoilseoidh na Ballstáit ag a bhfuil ábhar imní a sainaithníodh maidir le leordhóthanacht, go bhfoilseoidh siad plean cur chun feidhme ina mbeidh amlíne le haghaidh bearta a ghlacadh chun deireadh a chur le haon saobhadh rialála a sainaithníodh agus/nó le haon chliseadh margaidh a sainaithníodh mar chuid den phróiseas Státchabhrach.

De bhun Airteagal 108 CFAE, is é an Coimisiún amháin atá inniúil a mheas an bhfuil bearta Státchabhrach comhoiriúnach don mhargadh inmheánach. Leis an Rialachán seo ní dhéantar difear ná dochar d'inniúlacht eisiach an Choimisiúin de bhun CFAE. Féadfaidh an Coimisiún, dá bhrí sin, a thuairim a thabhairt, i gcás inarb ábhartha, maidir leis na pleananna um athchóiriú an mhargaidh i gcomhthráth leis an bpróiseas formheasta sásraí acmhainne faoi rialacha Státchabhrach, ach tá an dá phróiseas éagsúil le chéile ó thaobh an dlí de.

## **Ráiteas ón nGréig**

Meabhraíonn an Ghréig na dearbhuithe a thug an Coimisiún Eorpach le linn chruinniú Coreper I an 18 Eanáir 2019, chomh maith leis an Ráiteas ón gCoimisiún ina dhiaidh sin sa chruinniú thuasluaite de Coreper I.

Bunaithe ar na dearbhuithe thuasluaite, tuigtear dúinn gur féidir an gléasra cumhachta ligníte Ptolemais 5, atá á thógáil faoi láthair, a chur san áireamh i bhforálacha Airteagal 22 mír 5 (Airteagal 18b, mír 5 roimhe seo), forálacha lena bhféadfar gan gealltanais ná conarthaí a tugadh i gcrích roimh an 31 Nollaig 2019 a mhodhnú chun forálacha nua an Rialacháin maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas a chomhlíonadh.

Is ar an tuiscint sin, agus de mheon cuiditheach, a chaitheann an Ghréig vóta dearfach ar son an téacs deiridh d'athmhúnlú an Rialacháin maidir le Leictreachas.

## **Ráiteas ón gCróit**

Tacaíonn Poblacht na Cróite i bprionsabal le spriocanna agus cuspóirí an Rialacháin seo ach tá imní uirthi, mar sin féin, i leith Airteagal 71 agus an dáta a dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm.

Ag cur san áireamh gur sprioc é de chuid an Rialacháin seo margadh ar an gcaighdeán is airde a chruthú do thomhaltóirí agus na bunphrionsabail a shocrú le haghaidh margaí leictreachais a fheidhmíonn go maith, atá trédhearcach agus comhtháite, creideann Poblacht na Cróite go mbeidh tionchar diúltach ag forálacha Airteagal 71 ar na Ballstáit a bhfuil acmhainní riaracháin níos lú acu.

Anuas air sin, agus aird á tabhairt ar na hacmhainní tarchurtha trasteorann atá ag teorainneacha Phoblacht na Cróite agus na hacmhainní sin á n-úsáid ag rannpháirtithe margaidh lasmuigh de Phoblacht na Cróite, táimid imníoch faoi fhorálacha Airteagal 16 agus faoin luach íosta 70%, óir d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar shlándáil agus ar chobhsaíocht an chórais cumhachta.